



Curaclam
Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Aonad a hAon
Cleachtas Éifeachtach Oibre



an fachtóir WOW



Clár Ábhair

Léargas Ginearálta ar an Aonad 3

Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc taobh istigh den Aonad seo 5

Téama 1 Obair Bhuíne 6

Téama 2 Caidrimh Dhearfacha Oibre a Fhorbairt 7

Téama 3 Dáimhiúlacht san Ionad Oibre 8

Téama 4 Ceannaireacht 9

Téama 5 Cruthaitheacht san Ionad Oibre 10

Téama 6 Cearta an Ionaid Oibre 11

Áiseanna

Suímh Idirlín Úsáideacha

an fachtóir WOW



Aidhm

San aonad seo, fiosraíonn na daltaí an dóigh a dtig le fostaithe agus fostóirí timpeallacht éifeachtach oibre a fhorbairt agus a chothú trí:

- obair bhuíne;
- cheannaireacht mhaith;
- chaidrimh dhearfacha oibre;
- dháimhiúlacht a fhorbairt; agus
- chruthaitheacht a chothú.

Amharcann na daltaí ar chuid de na cearta agus na freagrachtaí san ionad oibre.



Léargas Ginearálta ar an Aonad

Mapáilte chuig na Ceanglais Reachtúla

Ba chóir go gcuirfí ar chumas na ndaltaí:

- amharc ar an dóigh a dtig le fostaithe agus fostóirí timpeallacht éifeachtach oibre a chothabháil; agus
- plean gairme a fhorbairt bunaithe ar eolas agus ar threoir ábhartha.

Spriocanna Foghlama

Foghlaimíonn Daltaí:

- go bhfuil obair bhuíne tábhachtach san ionad oibre;
- go bhfuil caidrimh dhearfacha oibre tábhachtach;
- go bhfuil scileanna agus tréithe ceannaireachta tábhachtach agus gur féidir iad a fhorbairt;
- go bhfuil cruthaitheacht tábhachtach san ionad oibre agus gur féidir í a fhorbairt; agus
- go bhfuil dlíthe agus rialacháin ann a gcaithfear cloí leo san ionad oibre.

Critéir Ratha

Ag deireadh an aonaid seo:

- aithneoidh agus tuigfidh na daltaí na tosca a fheabhsaíonn nó a chuireann bac ar obair bhuíne;
- beidh a fhios acu an dóigh le caidrimh mhaithe oibre a fhorbairt;
- aithneoidh siad modhanna éifeachtacha le dáimhiúlacht a chothú san ionad oibre agus beidh siad ábalta iad a úsáid;
- beidh siad ábalta a gcuid scileanna nó tréithe ceannaireachta a shainaithint;
- beidh siad ábalta a gcuid cruthaitheachta a úsáid le tasc obairbhunaithe a fhuascailt; agus
- beidh siad feasach ar phríomhchearta.

Fócas ar Scileanna Infhostaitheachta

Ligeann an t-aonad seo do dhaltaí na scileanna a fhorbairt a chomhlíonann ceanglais reachtúla an churaclaim athbhreithnithe ag Eochairchéim 4. Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar an fhócas atá taobh istigh den aonad seo:

Ag Obair le Daoine Eile

- Feidhm a bhaint as scileanna sóisialta agus idirphearsanta ar mhaithe le foghlaim.
- Bheith ábalta aiseolas a thabhairt do phiaraí agus do dhaoine fásta agus freagairt dó.

Buncheisteanna

Síos tríd an aonad seo, spreag na daltaí amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- *Cad é an dóigh a bhfuil obair bhuíne tábhachtach san ionad oibre?*
- *Cad é mar a thig liom dáimhiúlacht a chothú?*
- *Cad iad na scileanna agus na tréithe ceannaireachta atá agam?*
- *Cad é an chuma atá ar chruthaitheacht san ionad oibre?*
- *Cad iad mo chuid cearta agus freagrachtaí san ionad oibre?*

Deis do Mheasúnú chun Foghlama!
Ag roinnt spriocanna foghlama agus critéir ratha

Deis do Mheasúnú chun Buncheisteanna éifeachtacha



Gníomhaíochtaí Foghlama agus Teagaisc san Aonad seo

Téama 1 Obair Bhuíne

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le hobair bhuíne san ionad oibre. Tuigeann siad de réir a chéile go bhfuil obair bhuíne riachtanach le torthaí inmhianaithe a bhaint amach.

Téama 2 Caidrimh Dhearfacha Oibre a Fhorbairt

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le caidrimh mhaithe oibre a fhorbairt agus an dóigh a dtig leo iad seo a bhaint amach.

Téama 3 Dáimhiúlacht san Ionad Oibre

Foghlaimíonn na daltaí an dóigh le dáimhiúlacht a thionscnamh san ionad oibre agus cleachtann siad dáimhiúlacht a chothú.

Téama 4 Ceannaireacht

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le ceannaireacht san ionad oibre. Sainaitníonn siad scileanna agus tréithe éifeachtacha ceannaireachta.

Téama 5 Cruthaitheacht san Ionad Oibre

Fiosraíonn na daltaí cad chuige a bhfuil cruthaitheacht chomh tábhachtach sin san ionad oibre. Baineann siad úsáid as uirlis chruthaitheach le tasc obairbhunaithe a fhuascailt.

Téama 6 Cearta an Ionaid Oibre

Fiosraíonn na daltaí cearta an ionaid oibre, agus, go háirithe, cearta oibrithe óga.



Téama 1

Obair Bhuíne

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le hobair bhuíne san ionad oibre. Tuigeann siad de réir a chéile go bhfuil obair bhuíne riachtanach le torthaí inmhianaithe a bhaint amach.



Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- Róil Foirne Belbin (Áis 1)
- Liathróid leadóige
- Nuachtán
- Téip ghreamaitheach

Gníomhaíocht 1

Cuir tús le díospóireacht ranga. Iarr ar na daltaí a mhíniú cad chuige a bhfuil obair bhuíne tábhachtach san ionad oibre. Liostaigh freagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar pháipéar smeach-chairte. Ansin, iarr ar na daltaí critéir faoi choinne obair mhaith bhuíne san ionad oibre a shainithint. Arís, liostaigh freagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar pháipéar smeach-chairte.

Ag an deireadh, iarr ar an rang vótáil do na cúig chritéar is tábhachtaí faoi choinne obair mhaith bhuíne san ionad oibre.

Gníomhaíocht 2

Roinn an rang i bhfoirne d'ochtar daltaí ar a laghad. Tabhair na hearraí seo a leanas do gach foireann:

- liathróid leadóige;
- nuachtán; agus
- téip ghreamaitheach.

Iarr ar gach grúpa a shamhlú gur foireann innealtóirí le comhlacht tógála iad. Is é an tasc atá acu ná droichead a thógáil atá láidir go leor le ligean do liathróid leadóige rolladh thairis. Cuir in iúl do na foirne nach dtig leo ach an nuachtán agus an téip ghreamaitheach a úsáid leis an droichead a thógáil. Leag síos am cuí do na grúpaí an tasc a chomhlánú.

Nuair a bhíonn am an tasc caite, tabhair cuireadh do na grúpaí a ndroichead a thástáil trí liathróid leadóige a rolladh thairis.

Ag deireadh an tasc, iarr ar gach foireann amharc ar na ceisteanna seo a leanas:

- Ar oibrigh muid go maith mar fhoireann?
- Ar léirigh muid aon cheann de na critéir a bhaineann le hobair mhaith bhuíne?
- Cad iad na tosca a theorannaigh muid bheith ag feidhmiú mar fhoireann?
- Cad é ba chóir dúinn a dhéanamh go difriúil?
- Ar imir gach duine ról san fhoireann?

Gníomhaíocht 3 - Deis Sínte

Dáil cóip den bhileog Róil Foirne Belbin ar gach foireann. Mínigh gur shainithin Belbin na naoi ról seo a leanas atá de dhíth i bhfoireann ata ag feidhmiú go maith:

- comhordaitheoir;
- dealbhóir;
- planda;
- faireach;
- imscrúdaitheoir foinsí;
- riarthóir;
- tacadóir;
- críochnaitheoir; agus
- speisialtóir.

Mínigh do na daltaí go mbeidh níos mó dúile acu i gcuid de róil foirne Belbin agus go mbeidh siad ag iarraidh ról eile a sheachaint go gníomhach. Beidh roinnt ról ann nach mbeidh dáimh nádúrtha ag na daltaí leo ach go dtig leo a dhéanamh má bhíonn orthu.

Iarr ar gach foireann vótáil don ról is fóirsteanáí do gach ball foirne. Mar mhalairt air seo, iarr ar gach ball foirne an ról is mó a n-ionannaíonn siad leis a shainithint agus a mhíniú cad chuige.

Téama 2

Caidrimh Dhearfacha Oibre a Fhorbairt

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le caidrimh mhaithe oibre a fhorbairt agus an dóigh a dtig leo iad seo a bhaint amach.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- Lipéid Ghreamaitheacha
- Páipéar smeach-chairte
- Marcóirí daite

Gníomhaíocht 1

Mínigh do na daltaí gur cuma cé acu a oibríonn siad in eagraíocht nó atá siad féinfhostaithe, go gcaithfidh siad bheith ag obair le daoine eile. Tá sé an-tábhachtach, mar sin, caidrimh mhaithe oibre a bheith san ionad oibre. Cuir tús le díospóireacht ranga. Mol do na daltaí na fáthanna le caidrimh mhaithe oibre a shainaithint. Liostaigh freagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar pháipéar smeach-chairte.

Eagraigh an rang ina mbeirteanna. Cuir an creatlach scéil seo a leanas i láthair an ranga: 'Oibríonn Seán mar bhainisteoir i mbialann.' Iarr ar na beirteanna na daoine nó na heagraíochtaí a liostú a bhféadfadh Seán caidrimh oibre a fhorbairt leo. I measc na samplaí bheadh foireann, custaiméirí, an pobal i gcoitinne, soláthraithe nó an tOifigeach Sláinte Chomhshaoil. Iarr ar gach beirt a bhfreagraí a scríobh ar lipéid ghreamaitheacha.

Ansin, iarr ar gach beirt dhaltaí grúpa a dhéanamh le 2 péire eile ar a laghad agus a smaointe a roinnt. Cuir in iúl do na grúpaí go dtig le caidrimh oibre bheith inmheánach agus seachtrach. Iarr ar na grúpaí nuachumtha ciorcal a tharraingt ar leathanach smeach-chairte. Iarr orthu a lipéid ghreamaitheacha a chur taobh istigh nó taobh amuigh den chiorcal le seasamh do chaidrimh oibre inmheánacha agus seachtracha.

Ag an deireadh, mol do na grúpaí a gcuid cinntí a roinnt agus a chur i gcomparáid leis an chuid eile den rang agus aon difríocht a phlé.

Gníomhaíocht 2

Mar rang, pléigh an dóigh a dtiocfadh le Seán caidreamh dearfach oibre a fhorbairt le cuid de na daoine seo a leanas, ní leo uile:

- fostóirí;
- foireann;
- soláthraithe;
- custaiméirí; agus/nó
- an tOifigeach Sláinte Chomhshaoil.

Mínigh do na daltaí go bhfuil sé iontach tábhachtach caidreamh muiníne a fhorbairt le caidrimh mhaithe oibre a fhorbairt agus a choinneáil.

Gníomhaíocht 3 - Deis Sínte

I nGníomhaíocht 2, d'fhoghlaim na daltaí faoin tábhacht atá le muinín a fhorbairt. Pléigh an tábhacht atá le muinín a fhorbairt san ionad oibre agus an dóigh ar féidir é seo a bhaint amach.

Téama 3

Dáimhiúlacht san Ionad Oibre

Foghlaimíonn na daltaí an dóigh le dáimhiúlacht a thionscnamh san ionad oibre agus cleachtann siad dáimhiúlacht a chothú.



Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Treoirchártaí Meaitseála agus Scáthánaithe* (Áis 2)

Gníomhaíocht 1

Iarr ar an rang dáimhiúlacht a shainmhíniú. Míneadh don rang gurb é sainmhíniú an fhoclóra ar dháimhiúlacht ná: ‘Caidreamh comhchú’. Cuir sainmhíniú na ndaltaí i gcomparáid le sainmhíniú an fhoclóra.

Cuir an creatlach scéil seo a leanas i láthair don rang: ‘Tá Clár ag tosú a poist nua mar fháilteoir óstlainne an tseachtain seo chugainn. Tá sí an-neirbhíseach faoi bhualadh lena comhghleacaithe nua agus faoi bheith ag obair ag an fháiltiú.’ Iarr ar an rang na daoine a shainaithint a mbeadh ag Clár le dáimhiúlacht a chothú leo. Déan liosta de fhreagraí na ndaltaí ar an chlár nó ar pháipéar smeach-chairte.

Iarr ar an rang na bealaí a shainaithint ina dtiocfadh le Clár dáimhiúlacht a chothú lena comhghleacaithe oibre. Iarr ar na daltaí bealaí a shainaithint fosta ina dtiocfadh le Clár dáimhiúlacht a chothú le custaiméirí na hóstlainne. Déan liosta de na freagairtí ar an chlár nó ar smeach-chairte.

Gníomhaíocht 2

Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr daltaí. Iarr ar na daltaí ról ghrúpa de A, B agus C a ainmniú. Iarr ar na daltaí A uile iad féin a ainmniú. Dáil an *Treoirchárta Meaitseála agus Scáthánaithe A* ar na daltaí seo.

Iarr ar na daltaí B uile iad féin a ainmniú agus tabhair cóip de na *Treoirchártaí Meaitseála agus Scáthánaithe B* dóibh. Ag an deireadh, iarr ar dhaltaí C uile iad féin a ainmniú agus tabhair cóip den *Treoirchárta Meaitseála agus Scáthánaithe C* dóibh.

Iarr ar na daltaí a gcártaí a choinneáil ceilte ó na baill eile den ghrúpa. Iarr ar na daltaí na treoracha ar a *Treoirchártaí Meaitseála agus Scáthánaithe* a léamh agus an ghníomhaíocht a dhéanamh.

Ansin, cuir cuireadh ar dhaltaí C ó gach grúpa cur síos ar a dtuairimí. Ansin, cuir cuireadh ar dhaltaí A agus B a mhíniú cad é a bhí le déanamh acu agus iarr orthu cur síos ar a gcuid mothúchán faoin ghníomhaíocht.

Míneadh don rang go léiríonn an ghníomhaíocht bealach amháin le dáimhiúlacht a chothú, ar a dtugtar an teicníc meaitseála agus scáthánaithe. Tarlaíonn sé seo nuair a thugann duine amháin iarraidh comharthaíocht choirp an duine lena bhfuil siad ag caint a mheaitseáil agus a scáthánú.

Deis Sínte - Gníomhaíocht 3

Eagraigh na daltaí ina ngrúpaí beaga. Iarr orthu labhairt faoin dóigh a bhfreagróidh siad an cheist seo a leanas i suíomh agallaimh:

‘Cad é mar a phléifeá le custaiméir míshásta?’

Iarr ar na grúpaí a bhfreagraí a roinnt leis an chuid eile den rang. Mol do na daltaí trácht ar fhreagraí éagsúla.

Téama 4

Ceannaireacht

Fiosraíonn na daltaí an tábhacht atá le ceannaireacht san ionad oibre. Sainaithníonn siad scileanna agus tréithe éifeachtacha ceannaireachta.



Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cás-Chártaí Ceannaireachta* (Áis 3)
- *Anailís Scileanna Ceannaireachta* (Áis 4)

Gníomhaíocht 1

Iarr ar an rang ceannaireacht a léirmhíniú. Míniú do na daltaí gurb é sainmhíniú an fhoclóra ná: *‘Duine atá ábalta tionchar a imirt ar dhaoine eile, iad a spreagadh agus a chumasú i dtreo timpeallachta rathúla oibre’*. Cuir sainmhíniú na ndaltaí i gcomparáid le sainmhíniú an fhoclóra.

Cuir tús le díopóireacht ranga. Tabhair cuireadh do na daltaí na ceisteanna seo a leanas a fhreagairt agus a gcuid freagraí a chláru ar an chlár nó ar pháipéar smeach-chairte:

- Cad chuige a bhfuil ceannaireacht tábhachtach san ionad oibre?
- Cad iad cuid de na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le bheith i do cheannaire san ionad oibre?
- Cad iad na tréithe agus na scileanna a bhíonn ag ceannaire maith ionaid oibre?
- Cad iad na tréithe agus na saintréithe pearsantachta a bhíonn ag droch-cheannaire ionaid oibre? Roinn an rang ina ngrúpaí de cheathrar nó cúigear daltaí. Tabhair ceann de na *Cás-Chártaí Ceannaireachta* do gach grúpa. Iarr ar na grúpaí an cárta a léamh agus labhairt faoin dóigh a bhféadfadh ceannaire maith plé leis an suíomh agus an dóigh a bhféadfadh droch-cheannaire plé leis an suíomh.

Cuir cuireadh ar na grúpaí a gcuid *Cás-Chártaí Ceannaireachta* a léamh don chuid eile den rang agus cur síos ar an dóigh a bhféadfadh ceannaire maith agus droch-cheannaire frithghníomhú. Mol don rang trácht ar fhreagraí difriúla.

Gníomhaíocht 2

Dáil cóip den *Anailís Scileanna Ceannaireachta* ar gach dalta. Léigh tríd seo leis an rang. Labhair faoi gach ceann de na tréithe/scileanna ceannaireachta agus mínigh aon téarma nach dtuigeann daltaí. Míniú go bhfuil roinnt tréithe ceannaireachta ag gach duine agus gur féidir iad seo a fhorbairt. Inis do na daltaí go mbíonn ionaid oibre ag iarraidh go minic anois ar gach fostaí scileanna ceannaireachta a léiriú is cuma cén suíomh atá acu san eagraíocht.

Iarr ar na daltaí an *Anailís Scileanna Ceannaireachta* a chomhlánú. Iarr orthu smaoinemh faoin dóigh a bhféadfadh siad a gcuid tréithe agus scileanna ceannaireachta a fhorbairt.

Gníomhaíocht 3 - Deis Sínte

Iarr ar na daltaí bheith ag obair i ngrúpaí beaga. Iarr orthu 3 ról poist aitheanta a shainaithint agus fáthanna a chosaint a mbeadh tréithe/scileanna ceannaireachta tábhachtach sna ról seo.

Téama 5

Cruthaitheacht san Ionad Oibre

Fiosraíonn na daltaí cad chuige a bhfuil cruthaitheacht chomh tábhachtach sin san ionad oibre. Baineann siad úsáid as uirlis chruthaitheach le tasc obairbhunaithe a fhuascailt.

Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí
- *Cártaí Malairte (Áis 5)*

Gníomhaíocht 1

Mínigh do na daltaí go bhfuil níos mó agus níos mó fostóirí ag moladh cruthaitheachta san ionad oibre. Iarr orthu moladh cad é an chuma atá ar chruthaitheacht san ionad oibre, mar shampla daoine ag giniúint smaointe, ag fuascailt fadhbanna agus/nó atá sásta róil nó cleachtais oibre úra a thriail.

Tabhair samplaí de ghnólachtaí agus d'eagraíochtaí do na daltaí a spreagann cruthaitheacht san ionad oibre, mar shampla:

- 3M;
- Dell;
- E-Bay; agus/nó
- Easyjet.

Iarr orthu a mhíniú cad chuige a bhfuil cruthaitheacht chomh tábhachtach sin san ionad oibre. Liostaigh na

fáthanna ar an chlár nó ar smeach-chairt. Ansin, iarr ar na daltaí cúig phost randamacha a shainaitint. Iarr orthu a mholadh cad chuige a mbeadh scileanna cruthaitheacha de dhíth sna poist seo.

Gníomhaíocht 2

Mínigh do na daltaí gur teicníc smaointeoireachta cruthaithe í teicníc an aisiompaithe. Tig leis cuidiú le heagraíochtaí táirge nó seirbhís a fheabhsú.

Cuir síos ar theicníc an aisiompaithe dóibh. Lena úsáid, caithfidh tú a mhalairt den cheist a chur ort féin ata tú ag iarraidh a chur, agus ansin na torthaí a chur i bhfeidhm. Mar shampla, b'fhéidir gur mhaith le daltaí fios a bheith acu cad é mar a thig leo pas a fháil ina gcuid scrúduithe. Mar sin in ionad ceist a chur orthu féin, 'Cad é mar a thig liom pas a fháil i mo chuid scrúduithe?' Caithfidh siad an cheist, 'Cad é mar a thig liom teip a fháil i mo chuid scrúduithe?' a chur. Mol do na daltaí freagraí a mholadh. Tugtar breac-chuntas ar fhreagra samplach thíos:

Teipfidh orm i mo chuid scrúduithe:

- má théim amach gach aon oíche;
- mura dtéim siar ar mo chuid oibre;
- má labhraím le mo chuid cairde ar an ghuthán go dtí ar a laghad mean oíche gach aon oíche;
- mura dtéim chuig na ranganna; agus
- mura n-éistim leis an mhúinteoir agus mé sa rang.

I ndiaidh dóibh an teicníc a úsáid, tig leis na daltaí na rudaí ba chóir dóibh a sheachaint más mian leo pas a fháil ina gcuid scrúduithe a fheiceáil.

Roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear daltaí. Dáil ar a laghad trí cinn de na *Cártaí Malairte* ar gach grúpa. Iarr ar na grúpaí teicníc an aisiompaithe a chur i gcrích le gach fadhb a réiteach. Nuair a bhíonn an tasc críochnaithe ag na grúpaí, cuir cuireadh orthu a gcuid fuascailtí a roinnt leis an chuid eile den rang.

Téama 6

Ceartha an Ionaid Oibre

Fiosraíonn na daltaí cearta an ionaid oibre, agus, go háirithe, cearta oibrithe óga.



Ábhair tacaíochta do na Gníomhaíochtaí

- *Cás-Staidéar ar Chearta san Ionad Oibre* (Áis 6)
- *Cártaí Is é is dóichí...* (Áis 7)
- *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* (Áis 8)

Gníomhaíocht 1

Cuir in iúl do na daltaí go bhfuil roinnt dlíthe agus rialachán a bhaineann leis an ionad oibre. Cuir ceist ar an rang an bhfuil siad eolach ar aon dlí nó rialachán a bhaineann leis an ionad oibre. Liostaigh freagraí na ndaltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt.

Roinn an rang ina ngrúpaí de cheathrar nó de chúigear. Iarr ar gach grúpa a shamhlú go bhfuil siad ag obair sa Bhiúro Comhairle Saoránach. Dáil cóip den *Chás-Staidéar ar Chearta san Ionad Oibre* ar gach grúpa. Iarr ar gach grúpa an cás-staidéar a léamh agus ansin comhairle a chur ar Sheoirse i dtaca lena chearta de. Mol do na grúpaí an t-eolas ata de dhíth orthu le fáil amach faoina gcearta a thaighde. Tabhair rochtain ar an idirlíon do na daltaí lena gcuid taighde a dhéanamh. Tig leis na daltaí bileoga eolais a rochtain ar chearta oibrithe óga ag www.worksmart.org.uk

Gníomhaíocht 2

Cuir an staitistic seo a leanas i láthair an ranga: 'De réir staitisticí na hEorpa, tá an ráta gortuithe oibre do dhaoine óga ó 18-24 bliain d'aois 50% níos airde ná aon aoisghrúpa eile oibrithe.'

Cuir tús le díospóireacht ranga. Mol do na daltaí a mhíniú

cad chuige a bhfuil ráta gortuithe oibre chomh hard sin do dhaoine óga. Déan liosta de fhreagairtí na ndaltaí ar an chlár nó ar smeach-chairt. Labhair leis an rang faoi fhreagrachtaí daoine óga san obair. Cuir cuireadh orthu a mholadh cad iad freagrachtaí duine óig agus cad é mar a thig leo gortuithe a sheachaint ag an obair.

Roinn an rang ina ngrúpaí de cheathrar go cúigear. Dáil foireann de na *Cártaí Is é is dóichí...* ar gach grúpa. Iarr ar na grúpaí cinneadh a dhéanamh faoi cé acu ionad oibre atá faoi thrácht ar na cártaí is dóchúla a bheidh i mbaol ó ghuaiseacha ceimiceacha. Tabhair cuireadh do na grúpaí a gcinneadh a chur i láthair don chuid eile den rang.

Cinntigh go n-aithníonn na daltaí nach bhfuil aon fhreagra ceart ann; tá gach ceann de na hionaid oibre i mbaol.

Iarr ar gach duine dul ar ais ina ngrúpaí. Iarr orthu guaiseacha ionchasacha eile a shainithint taobh istigh de gach ceann de na cártaí ionaid oibre. Tabhair cuireadh do na grúpaí a gcuid smaointe a chur i láthair don chuid eile den rang.

Cuir críoch leis an ghníomhaíocht seo trí bheith ag obair mar rang le hachóimre a dhéanamh ar chearta agus ar fhreagrachtaí fostaithe, mar shampla:

Ceartha

- Áit shábháilte oibre a bheith agat.
- An trealamh ceart sábháilteachta.
- Bheith ar an eolas.

Freagrachtaí




- Fios a bheith agat faoi pholasaithe ag an obair agus cloí leo.
- Bheith ag obair go sábháilte agus nósanna imeachta a leanúint.
- Guaiseacha a thuairisciú.
- Feistí cosanta a úsáid agus a chaitheamh.

Gníomhaíocht 3

Dáil cóip de *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* ar gach dalta. Mol do na daltaí é seo a léamh agus smaoineamh faoina gcuid foghlama go dtí seo. Iarr ar na daltaí *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* a chomhlánú. Ag an deireadh, cuir cuireadh orthu páirt a ghlacadh i ndíospóireacht ghrúpa lena gcuid foghlama a roinnt lena chéile.

B'fhéidir go mbeadh sé úsáideach aiseolas a chlárú ó dhaltaí aonair ina gComhad Dul Chun Cinn.

Róil Foirne Belbin

Ról Foirne	Méid atá le Tabhairt	Laige Ceadaithe
 Planda	Cruthaitheach, samhlaíoch, smaointe neamhghnácha acu, Réitíonn fadhbanna casta.	Neamhiontas de rudaí a tharlaíonn thart timpeall. Róghafa leis an tasc le cumarsáid éifeachtach a dhéanamh.
 Fiosraitheoir Áiseanna	Eisdíritheach, díograiseach, cumarsáideach. Fiosraíonn deiseanna. Forbraíonn teagmhálacha.	Ródhóchas. Cailleann suim nuair a bhíonn an chéad taom díograise thart.
 Comhordaitheoir	Aibí, muinéach, cathaoirleach maith. Soiléiríonn spriocanna, cuireann cinnteoireacht chun cinn, maith ag tarmligean.	Ionramhálach i súile daoine eile. Tugann obair do dhaoine eile gan choinne.
 Múnlaitheoir	Stuama, straitéiseach agus fadcheannach. Feiceann siad gach rogha. Breith chruinn.	Furasta a ghortú. Cuireann isteach ar mhothúcháin daoine eile.
 Monatóir Luachálaí	Comhoibríoch, séimh, léirsteanach agus dioplómátúil. Éisteann, tógann, coscann aighneas.	Níl an mianach ann le daoine eile a spreagadh.
 Oibrí Foirne	Smachtaithe, iontaofa, coimeádach agus éifeachtach. Déanann gníomhartha praiticiúla de smaointe.	Éiginnte ag na hamanna is tábhachtaí.
 Cur-i-bhfeidhmitheoir	Glacann cuid mhór ama i mbun taisc, dúthrachtach, inmíoch. Cuardaíonn meancóga agus earráidí. Obair i grích in am.	Cineál righin. Fadálach ag freagairt d'fhéidearthachtaí nua.
 Comhlánaitheoir Críochnaitheoir	Féintiománta, cloíonn leis an tasc go deireadh. Soláthraíonn eolas agus scileanna atá gann.	Claonadh chun inmí gan fáth. Leisc chun tarmligean.
 Speisialtóir	Diongbháilte, é féin a thosaíonn, dúthrachtach. Soláthraíonn raidhse eolais agus scileanna.	Ionchur teoranta. Gafa le pointí teicniúla.

“Arna atáirgeadh le caoinchead *Belbin Associates, UK*. Tá na hócóin ról foirne seo faoi chóipcheart agus níl cead iad a atáirgeadh i bhformáid ar bith gan cead scríofa roimh ré.”

Treoirchártaí Meaitseála agus Scáthánaithe

Dalta A	Dalta B	Dalta C
Labhair le dalta B ar feadh nóiméad amháin faoi rud éigin a bhfuil suim mhór agat ann, mar shampla, caitheamh aimsire, dul ar laethanta saoire nó siopadóireacht.	Éist le dalta A ionann is go bhfuil suim mhór agat sa rud atá á rá aige/aici. Déan iarracht a gcorptheanga agus a s(h)uíomh coirp a mheaitseáil.	Breathnaigh go géar ar dhaltaí A agus B. Scríobh síos an méid atá breathnaithe agat nuair atá Dalta A ag caint.
Nuair a dhéanann an múinteoir an comhartha:	Nuair a dhéanann an múinteoir an comhartha:	Nuair a dhéanann an múinteoir an comhartha:
Déan neamhiontas den chomhartha agus lean ort ag caint.	Tosaigh a léiriú neamhshuime sa rud atá á rá ag dalta A. Athraigh do chorptheanga agus suíomh an choirp le gur a mhalairt ar fad atá i gceist.	Déan neamhiontas den chomhartha agus lean ort ag scríobh do chuid breathnuithe.

Cás-Chártaí Ceannaireachta

<p>Cuireadh in iúl don bhainisteoir gur tharla eachtra tromaíochta san ionad oibre.</p> <p>Chonaic fostaí iontaofa an eachtra, ach ní dhearna an duine a rabhtas ag tromaíocht air/ uirthi gearán ar bith go fóill.</p>	<p>Tá Tom ag obair ag ABC Teo le 15 bliana. Tá sé cantalach le déanaí agus níl sé ag cromadh ar a chuid oibre.</p> <p>Chomh maith leis sin, bhí sé mall dá chuid oibre ar a laghad dhá lá sa tseachtain le trí seachtaine anuas.</p>
<p>Rinne an Phríomh-Oifig teagmháil leis an bhainisteoir le hinsint di go bhfuil an comhlacht ag gearradh siar ar a chuid oibre sa cheantar áitiúil.</p> <p>Caillfear ar a laghad 50 post sna sé mhí atá romhainn. Dúradh leis an bhainisteoir an fhoireann a chur ar an eolas.</p>	<p>Rinne custaiméir i mBialann na Trá gearán go raibh an caighdeán seirbhíse iontach íseal.</p> <p>Rinne sí gearán fosta go raibh a cuid bia fuar agus nach raibh leithris na bialainne glan.</p>
<p>Is mian le Pinn Ghairmiúla a gcuid táirgí a fhorbairt agus pinn úra nuálacha a chur ar fáil.</p> <p>Níl foireann forbairt táirgíochta ag an chomhlacht. Is i ndéanamh na bpeann agus i riarachán is mó atá siad páirteach.</p>	<p>Tá Breandán ag réachtáil comhlacht beag monaireacht cistine le 15 bliana anuas.</p> <p>Anois is mian leis córas aitheanta cáilíochta a thabhairt isteach sa ghnólacht. Faoi láthair tá foireann d’ochtar fostaithe aige (oibrí oifige, duine sa stóras, stiúrthóir amháin agus cúigear oibreoirí meaisín).</p>

Anailís Scileanna Ceannaireachta

Léiríonn torthaí taighde go mbíonn comhthréithe áirithe ag ceannairí. Tá liosta de chuid de na tréithe agus scileanna seo sa teist thíos. (Tabhair do d'aire nach liosta cuimsitheach é seo agus nach mbíonn gach tréith ag gach ceannaire). Is tábhachtach go gcuimhnimid go bhfuil tréithe éagsúla de dhíth ar cheannaire maith ag brath ar an chomhlacht, foireann, cás nó comhthéacs ina bhfuil sé/sí.

Cad iad na tréithe nó scileanna ceannaireachta atá agatsa?

Úsáid an teist thíos le do thréithe agus scileanna ceannaireachta a mheas.

	aontaím go mór	aontaím	ní aontaím	ní aontaím ar chor ar bith
	1	2	3	4
Cumarsáid mhaith	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Bá le daoine eile	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Sampla maith	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Spreagthóir maith	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Iontaofa	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Obair chrua	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Ábalta tarmligean	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Éisteoir maith	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Féinchreideamh	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Dearcadh 'tig liom'	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Dearcadh dearfach	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Réiteoir fadhbanna	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Ábalta plé le díomá	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Dírithe ar thorthaí	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Éisteoir maith	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Ábalta rioscaí ináirithe a ghlacadh	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>
Ábalta tionscamh féin a úsáid	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>	<input type="checkbox"/>

Teisteanna/tráthanna ceist Ar líne

Tá teisteanna ceannaireachta éagsúla ar líne. Gabh chuig suímh ábhartha idirlín nó déan cuardach ar líne le teacht ar theisteanna/tráthanna ceist ar líne.

Cártaí Malairte

Athrúchán foirne a mhéadú
faoi 20 faoin chéad.

Bheith mall ag mo chuid
oibre gach lá.

Measúnú iontach diúltach a
bheith agam le mo bhainisteoir.

Gan ardú céime a fháil i mo
chuid oibre.

Líon na dtáirgí a thugann
custaiméirí ar ais a mhéadú.

Líon na gcustaiméirí a laghdú
faoi 30 faoin chéad.

Ligean do bhall maith foirne
imeacht le hobair ag comhlacht
atá in iomaíocht liom.

Bheith i mo dhroch-mhaoirseoir
amach is amach.

A chinntiú go mbíonn an stoc
go híseal.

Gan bheith i mo cheannaire
maith san ionad oibre.

Cás-Staidéar ar Chearta san Ionad Oibre

Tháinig Seirse chugat a iarraidh comhairle. Tá sé 17 mbliana d'aois agus tá míchumas fisiceach air. Tá sé ag gabháil do chúrsa lánaimseartha ag a choláiste áitiúil agus tá airgead breise de dhíth air le hóc as costais mhaireachtála.

Bíonn Seirse ag obair sa gharáiste áitiúil ag deireadh na seachtaine. Bíonn sé ag obair ar an scipéad. Faoi láthair tá sé ag saothrú £2.50 san uair. Síleann sé gur chóir dó níos mó ná sin a fháil ach níl sé cinnte. Caithfidh sé obair go mall, go meán oíche in amanna. Cuid den am, is é Seirse an t-aon duine amháin ag obair sa siopa go mall san oíche.

Níl bealach isteach do chathaoir rothaí ag an gharáiste. Tógann daoine Seirse isteach is amach sa siopa. Bíonn náire an domhain air.

Cártaí Is é is dóichí.....

Bialanna	Comhlachtaí Glanadóireachta
Comhlachtaí Siúinéireachta	Siopaí Bia
Sciamhlann Gruagaireachta	Monarchana
Ospidéal	Suímh Thógála
Ionaid Gharraíodóireachta	

Taifead Athmhachnaimh an Dalta

Cad iad na dóigheanna a bhfuil tú níos ábalta caidrimh dhearfacha oibre san ionad oibre a fhorbairt anois?

Cad iad na scileanna, dar leat, a d'fhorbair tú trí pháirt a ghlacadh san aonad seo?

Cad iad na scileanna ba mhaith leat a fhorbairt a thuilleadh?

Taifead Athmhachnaimh an Dalta (ar lean)

Cuir síos ar na gníomhaíochtaí pleanála gairme a raibh tú páirteach iontu le linn an aonaid seo. (D'fhéadfaí go n-áireofaí ar na samplaí, léamh, amharc ar fhiseáin, taighde cur i láthair agus/nó ag foghlaim ó dhaoine eile).

Déan liosta de réimse nó dhó oibre ar mhaith leat a thuilleadh a fhoghlaim fúthu nó bheith páirteach iontu.

Sínithe: _____

Múinteoir: _____

Tuismitheoir: _____

Suímh Idirlín Úsáideacha

Le teacht ar an ábhar tacaíochta is úire don Oideachas don Infhostaitheacht, logáil ar **www.ccea.org.uk/employability**

Foilseachán de chuid CCEA © 2010



COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
☎ +44 (0)28 9026 1200 📠 +44 (0)28 9026 1234 📞 +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning